Curaclam Thuaisceart Éireann

Eochairchéim 2 **Blianta 6 & 7**

Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite

fócas

Is ar ré Victeoiria a dhíríonn an fiosrú seo ar an dóigh ar mhair daoine san am a chuaigh thart. Síos tríd, breathnaíonn na páistí ar dhaoine mór le rá, áiteanna agus imeachtaí tábhachtacha. Forbraíonn siad tuiscint ar an dóigh ar mhair daoine in aois Victeoiria agus fiosraíonn siad a n-oidhreacht.

Na hEalaíona

- dearthaí William Morris
- ceol Victeoiriach
- méaldráma
- scríobh scripteanna

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- stíleanna sláintiúla maireachtála
- caidreamh teaghlaigh anois agus ansin
- cearta páistí
- sláinte agus sláinteachas

An Domhan Thart Orainn

- am chun athraithe
- gluaiseacht agus fuinneamh
- idirspleáchas

Corpoideachas

- bheith cruthaitheach, úsáid do smaointe féin agus smaointe daoine eile
- struchtúrú damhsa simplí le ceol
- gluaiseachtaí coirp
- fanacht folláin

Clár

Sa leabhrán seo 'Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite' tá an méid seo a leanas:

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 7
- An Domhan Thart Orainn 11
- Corpoideachas 15

Cur le Forbairt Scileanna

- Cumarsáid 19
- Úsáid na Matamaitice 19
- Úsáid TFC 19
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 20

Áiseanna Molta 21

Forbraíodh fosta an tAonad Téamach 'Lets Get Moving' le tacú leis an SFN seo.

fócas

Is ar ré Victeoiria a dhíríonn an fiosrú seo ar an dóigh ar mhair daoine san am a chuaigh thart. Síos tríd, breathnaíonn na páistí ar dhaoine mór le rá, áiteanna agus imeachtaí tábhachtacha. Forbraíonn siad tuiscint ar an dóigh ar mhair daoine in aois Victeoiria agus fiosraíonn siad a n-oidhreacht.

Na hEalaíona

- dearthaí William Morris
- ceol Victeoiriach
- méaldráma
- scríobh scripteanna

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Siosarnach don Bhithiúnach

Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a dtig comhartha agus dreach coirp a úsáid le mothúchán a léiriú a thuiscint.
- Bunstruchtúr an mhéaldráma a thuiscint.
- An dóigh le méaldráma gairid a scríobh agus a léiriú a fhoghlaim.

Gníomhaíochtaí Molta

Fiosraigh réimse de na gothaí gnúise is fearr a léiríonn mothúcháin, mar shampla, sona, brónach, buartha, trína chéile, eaglach, faoi scéin, urchóideach, feargach srl. Taiscéal réimse de na gothaí coirp is fearr a léiríonn mothúcháin amhail grámhar, imníoch, frustrach, tnúthánach, bagrach.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le cúlra méaldráma, scríbhneoirí agus script Victeoirach a thaighde. Breathnaigh roinnt samplaí de scripteanna gairide méaldráma Victeoiriach mar **The Tram-Track Tragedy** nó **Maria Marten and the Red Barn** (le fáil ó Samuel French Ltd., www.samuelfrench-london.co.uk. Pléigh buntréithe an mhéaldráma – maith agus olc, bithiúnach, laoch fir/mná, deireadh sona, gothaí agus dreachanna áibhéalacha, úsáid ceoil le mothúcháin a ardú, úsáid cultacha agus maisíochtaí speisialta. Forbair, i mbeirteanna, frámaí reoite a mhaíonn maith agus olc nó bithiúnach nó laoch fir/mná. Tig iad seo a thaifeadadh le ceamara digiteach agus bolgáin chainte leo.

I ngrúpaí,fiosraigh agus léirigh an script ghearr a leanas:

Bithiúnach:	Caithfidh tú an cíos a íoc. *(siosarnach)*
Cailín:	Ní thig liom an cíos a íoc. *(déan an dá líne arís le tuilleadh gothaí agus mothúcháin)*
Bithiúnach:	Caithfidh mé amach sa sneachta thú, mar sin.
Laoch:	Íocfaidh mise an cíos.
Cailín:	Mo laoch *(gáir mholta)*

I ngrúpaí, eagraigh méaldráma gairid. Tosaigh le bunphlota maitheasa agus oilc agus ansin cuir isteach bithiúnach, laoch/banlaoch agus cibé carachtair eile atá de dhíth. Úsáid tobchumadh roimh scríobh na scripte.

Forbair an méaldráma le ceol, cultacha, frapaí agus maisíochtaí ar bith speisialta a theastódh mar fhuaim agus sholas a chur leis. Léirigh an méaldráma gairid agus iarr ar na grúpaí eile idirghníomhú le gártha molta agus siosarnach, srl.

Taifead an méaldráma ag úsáid ceamara digiteach nó déan é a fhorbairt ina ghearrscannán agus cuir leis maisíochtaí speisialta mar script fuaime dhubh agus bhán. Tabhair cuairt ar theach na scoile i nDaon-Iarsmalann Chúil Trá agus léirigh na méaldrámaí.

Faoi Spreagadh an Dúlra

Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a dtig le healaíontóirí eolas a chruinniú le smaointe a spreagadh a thuiscint.
- An dóigh leis an timpeallacht láithreach a úsáid le freagairt phearsanta a spreagadh a thuiscint.
- An dóigh ar féidir an ghné agus na próisis amhairc a úsáid le smaointe a chur in iúl a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le heolas a thaighde ar William Morris, dearthóir teicstíle, ealaíontóir, dearthóir troscáin agus scríbhneoir in aois Victeoiria.
Pléigh éagsúlacht an dúlra atá le feiceáil ina chuid saothair – duilleoga, bláthanna, éin, caoirigh agus bachlóga – agus aird ar leith agat ar úsáid patrún leantach agus pléigh a fhírinní nó a shamhlaíche atá a chuid dearthaí.

Dear agus déan priontaí:

- Déan cnuasach duilliúir, le duilleoga, bláthanna nó caoirigh, agus úsáid peann nó peann luaidhe le líníochtaí breathnaitheacha a dhéanamh agus taifead marcanna, cruthanna, patrúin agus línte ar bith a bhreathnaíonn tú.
- Roghnaigh trí cinn de na líníochtaí le dearadh prionta a phleanáil, ag tagairt siar do shaothar Morris agus pléigh an dóigh ar nasc sé a chuid duilleog agus bláthanna le dearadh iomlán amháin a dhéanamh.
- Ceangail na trí líníochtaí scartha trí chumadóireacht úr a sceitseáil ar leathanach eile is féidir a úsáid mar bhunús do leacán priontála (Easiprint).
- Grean an dearadh ina leacán polaistiréine, i gcomhréir leis an líníocht, agus úsáid peann luaidhe maol nó badhró le heanga maithe a ghearradh faoi choinne prionta soiléir a tháirgeadh.
- Úsáid rollóirí agus dúigh uiscebhunacha leis an dromchla a dhathú agus cuir ar pháipéar nó ar fhabraic é.

Nuair atá an leac bainte go cúramach ón dromchla, is féidir dúch a chur arís air agus an próiseas a athdhéanamh go minic le himill a chruthú do chlár taispeántais, d'fhaid éadaigh nó do chlúdaigh pháipéir gabhdán. Cuir dath eile ann trí chodanna na leice a ghearradh amach agus a phriontáil thar an chéad dath nó trí na dathanna a athrú do gach prionta nua. Is féidir priontaí aonair a úsáid le cártaí nó dearthaí do chlúdaigh leabhar a chruthú.

Cuir i láthair agus taispeáin do chuid oibre ar mhodhanna traidisiúnta agus digiteacha agus san áireamh, timpeallachtaí ar líne mar Grid Club nó suíomh gréasáin na scoile. Cuir san áireamh gach líníocht ullmhúcháin más cuí. Aithin agus mínigh na céimeanna agus na próisis éagsúla atá i gceist. Labhair ar do smaointe agus éist le smaointe daoine eile le go dtig leat do chuid oibre a athbhreithniú agus a mhodhnú.

Tar Isteach sa Pharlús

Cuspóirí Molta Foghlama

- A thuiscint gur féidir leis an cheol dearcadh agus luachanna cultúir a léiriú.
- A thuiscint gur athraigh cuid de ghnéithe an cheoil.
- An dóigh le dréacht gairid a léiriú ag úsáid gutha agus uirlisí a fhoghlaim.

Gníomhaíochtaí Molta

Éist le dréachtaí ceoil ón ré Victeoiriach mar 'Daisy Bell' agus 'Daddy Wouldn't Buy Me a Bow Wow'. Pléigh cén t-am agus cén áit a n-éistfí leo, mar shampla, sa pharlús tráthnóna nó amuigh ar an tsráid.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighhde a dhéanamh ar amhráin agus cheol a bhaineann leis an ré Victeoiriach ag díriú ar cheol a d'úsáideadh nó a chanadh páistí, mar shampla, amhráin chlós súgartha nó shráide mar 'Doll and her Mama'. Pléigh an chiall atá taobh thiar de chuid de na hamhráin seo agus cad chuige a gcanadh páistí iad sa ré sin. I ngrúpaí, cleacht na hamhráin agus na cluichí agus ansin léirigh iad do na daoine eile sa rang.

Scríobh liricí úra do na hamhráin seo bunaithe ar imeachtaí an lae inniu. Taifead agus coinnigh an ceol; cruthaigh taisce todhchaí le hoscailt sna blianta amach anseo.

Tabhair cuairt ar scoil Victeoiriach mar scoil Bhaile an Dúin ag Cúil Trá, Scoil Chlochán an Aifir nó Daon-Pháirc Uladh-Mheiriceá in aice na hÓmaí agus caith éadaí atá oiriúnach don ócáid. Gníomhaigh na hamhráin agus na cluichí. Taifead agus cuir na himeachtaí i láthair ag úsáid ceamaraí digiteacha, físeáin nó grianghraf. Pleanáil, dear agus cruthaigh cur i láthair ilmheán ag úsáid bogearraí TFC mar Slideshow nó PowerPoint. Cuir i láthair na scoile é agus foilsigh ar shuíomh gréasáin na scoile é.

fócas

Is ar ré Victeoiria a dhíríonn an fiosrú seo ar an dóigh ar mhair daoine san am a chuaigh thart. Síos tríd, breathnaíonn na páistí ar dhaoine mór le rá, áiteanna agus imeachtaí tábhachtacha. Forbraíonn siad tuiscint ar an dóigh ar mhair daoine in aois Victeoiria agus fiosraíonn siad a n-oidhreacht.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- stíleanna sláintiúla maireachtála
- caidreamh teaghlaigh anois agus ansin
- cearta páistí
- sláinte agus sláinteachas

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Stíleanna Sláintiúla Maireachtála Ansin agus Anois

Cuspóirí Molta Foghlama

- Na dálaí a chothódh stíl shláintiúil mhaireachtála a thuiscint.
- Dóigheanna praiticiúla ina dtig linn aire a thabhairt dár gcorp a aithint.
- Bheith feasach ar thábhacht an tsláinteachais.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh na rudaí a dhéanann stíl shláintiúil mhaireachtála, dírigh ar thairbhí na haclaíochta agus ithe aiste chothrom bia.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar ghnéithe de 'Stíl Shláintiúil Mhaireachtála' sa tréimhse Victeoiriach, go háirithe sa chéad 40 bliain de réimeas Victeoiria. Aithin cúiseanna go bhfuair a oiread sin páistí bás sular shroich siad aois 16. Fiosraigh iarmhairtí easpa ghlanuisce, ghlanaeir agus cheartséarachais.

Déan dialann uisce, ag coinneáil taifid de gach ócáid in aon lá a n-úsáideann tú uisce. Cuir seo i gcomparáid agus i gcodarsnacht le sráideanna plódcheantair ar mhinic nach mbíodh an t-uisce ar obair iontu ach 20 nóiméad sa lá.

Úsáid an t-idirlíon le taighde a dhéanamh ar bhaile Victeoiriach agus ar an bhaile/chathair sin mar atá inniu. Déan mionscrúdú ar na plódcheantair Victeoiriacha. Cad chuige a mbíodh na háitritheoirí ag fulaingt drochshláinte? An raibh sé seo cothrom? Ar athraigh mórán ó shin? An bhfuil cosúlachtaí go fóill ann?

Léigh faoi Dr Barnardo a chuidigh le dálaí maireachtála a fheabhsú do pháistí sráide i Londain i ré Victeoiria. Cuir seo i gcomparáid lena bhfuil á dhéanamh anois do dhaoine gan dídean. Foghlaim faoi theach na mbocht sa cheantar s'agat. Arbh áit shláintiúil i gcónaí é le cónaí ann?

Iarr ar an rang a fháil amach cén dóigh ar choinnigh na Victeoiriaigh a gcuid bia úr. Cad chuige arbh fhadhb é sin san am? Liostaigh dóigheanna le bheith sláinteach le bia. Iarr ar na páistí biachlár cothrom blasta a phleanáil, a dhearadh agus a chruthú do bhialann shamhlaíoch sa tréimhse Victeoiriach. Déan an rud céanna le béile samplach i bplódcheantar Victeoiriach.
Cuir an dá rud i gcomparáid. Iarr orthu ag an deireadh plean pearsanta gníomhaíochta a dhréachtú, ag úsáid TFC, le rud amháin a dhéanamh gach lá lena sláinte a fheabhsú.

Alt 32

Cuspóirí Molta Foghlama

- Foghlaim faoi chearta an pháiste.
- An dóigh ar fheabhsaigh coinníollacha oibre agus an dóigh a gcosnaítear cearta páistí a aithint.
- Stíleanna difriúla maireachtála páistí ó thíortha agus ó thréimhsí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.
- Eolas a fháil faoin obair a dhéanann eagraíochtaí le beatha páistí a fheabhsú.
- Fios a bheith agat ar cén rud é dúshaothrú.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh amach an aois dhlíthiúil le tosú ar obair pháirtaimseartha nó lánaimseartha.

Déan liosta de na tascanna éagsúla a dhéanann páistí sa scoil, agus tascanna le pá nó gan pá sa bhaile nó sa phobal.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar an obair a dhéanadh páistí sa ré Victeoiriach agus liostaigh na contúirtí ina mbíodh, mar shampla, cailíní lasán, gasúir dhreaptha simléar, gaisteoirí mianaigh, oibrithe muilinn agus oibrithe chlós brící. Amharc ar **The Water Babies** le Charles Kingsley. Cruthaigh logleabhar lae do thasc áirithe, mar shampla, gaisteoir thíos i mianach. Cuir i gcomparáid é le gnáthlá i saol páiste anois. Mar rang, socraígí cé aige a bhfuil an saol is sábháilte sláintiúla agus smaoinígí ar na fáthanna. Samhlaigh gur gasúr dreaptha simléar thú ag caint le polaiteoir faoi do phost. Cuir síos ar chontúirtí na hoibre.

Samhlaigh gur duine thú de chigirí an Tiarna Shaftesbury. Scríobh tuairisc ag leagan béime ar na coinníollacha uafásacha ab éigean do pháistí a fhulaingt. An gceadaítear na tascanna sin inniu? Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar shaothar an Tiarna Shaftesbury, Thomas Barnardo agus Sir Robert Peel a throid ar son cearta oibrithe páistí lena sláinte, a sábháilteacht, a ndálaí maireachtála agus a n-oideachas a fheabhsú. Cuir an páiste ag obair i dtréimhse Victeoiria i gcomparáid le páistí ag obair inniu i dtíortha i mbéal forbartha agus i ndúichí eile díothachta.

Smaoinigh ar cheisteanna faoi fhostú páistí, anseo agus thar lear. Foghlaim faoi na dálaí a gcaithfidh páistí go fóill aghaidh a thabhairt orthu mar gheall ar dhálaí contúirteacha oibre agus ar dhúshaothrú. Machnaigh ar chúiseanna agus iarmhairtí na héagothroime. Déan taighde ar chás-staidéir dálaí inar ceileadh a gcearta ar pháistí, sa tír seo agus thar lear.

Scrúdaigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste (UNCRC). Déan taighde ar na hachtanna a ritheadh sa ré Victeoiriach, a rinne an áit oibre níos sábháilte, mar shampla, Acht na Mianach 1842, Acht na Monarchana 1847. Úsáid eagraíochtaí mar RUGMARK le cuidiú leat na tionscnaimh a thuiscint atá ar siúl le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin sa lá inniu.

NB:
Agus tú ag plé UNCRC, cuir ina luí ar na páistí go mbaineann an coinbhinsiún le gach páiste, is cuma cé hiad nó cá bhfuil siad.

Níl Sin Cothrom

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith feasach ar chineálacha éagsúla foghlama.
- Dóigheanna leis an fhoghlaim a fheabhsú a aithint agus a chleachtadh.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan taighde ar ghnáthlá scoile Victeoiriach, ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha. Faigh amach faoin ghnáthchlár ama Victeoiriach, ceachtanna, méid ranga agus smacht. Eagraigh lá scoile Victeoiriach (deasca ina sraitheanna, cuir páistí ina seasamh, foghlaim táblaí de ghlanmheabhair, déan ceachtanna Victeoiriacha agus bí an-chrosta!].

Léigh sleachta faoi scolaíocht Victeoiriach (Nicholas Nickleby le Charles Dickens nó Tom Brown's Schooldays le Thomas Hughes].

Cuir clár ama scoile Victeoiriach i gcomparáid le ceann ó do sheomra ranga féin. An bhfuil aon chosúlachtaí agus/nó difríochtaí ar bith ann?

Smaoinigh ar an chúis a mbíodh deis ar oideachas i bhfad níos fearr ag páistí ó theaghlaigh shaibhre ná ag páistí bochta. Cad chuige ar tharla seo? Luaigh na héagóracha atá i gceist.

Fiosraigh na dóigheanna éagsúla a mbímid ag foghlaim inniu agus aithin do rogha stíl foghlama féin.

Faigh amach cén dóigh agus cén fáth ar imríodh pionós ar pháistí (slat, rialóir, caidhpín dallaráin]. Ar mhodhanna cothroma pionóis iad sin, dar leat?

In 1880 ardaíodh an aois fágála scoile ó 10 go 13. Pléigh an cheist arbh fhearr fágáil ag 13 seachas 16 sa lá inniu.

An Domhan Thart Orainn

- am chun athraithe
- gluaiseacht agus fuinneamh
- idirspleáchas

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas

fócas

Is ar ré Victeoiria a dhíríonn an fiosrú seo ar an dóigh ar mhair daoine san am a chuaigh thart. Síos tríd, breathnaíonn na páistí ar dhaoine mór le rá, áiteanna agus imeachtaí tábhachtacha. Forbraíonn siad tuiscint ar an dóigh ar mhair daoine in aois Victeoiria agus fiosraíonn siad a n-oidhreacht.

Gorta Agus Eisimirce

Cuspóirí Molta Foghlama

- Tionchar an athraithe le himeacht ama a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh amach cad é a tharla nuair a chlis barr na bprátaí in 1845/46. Scrúdaigh cineálacha na fianaise le foghlaim faoin dóigh a raibh an saol le linn an ghorta. Déan léiriú drámaíochta ag dul siar san am go dtí aimsir an drochshaoil. Fiosraigh gorta agus eisimirce ag Daonpháirc Uladh Mheiriceá. Faigh amach faoi cheann scríbe na n-eisimirceach ar fud an domhain. Achoimrigh na dálaí a spreagann daoine le bogadh go tír eile. Cuir agallamh ar dhuine éigin a chónaigh i dtír eile nó duine a bhog go Tuaisceart na hÉireann ó thír eile, mar shampla, an Liotuáin nó an Pholainn. Amharc ar chúiseanna agus ar thorthaí gorta sa lá inniu.

Cén ráchairt atá ar phrátaí inniu? Dear agus déan suirbhé le heolas a fháil ar na dóigheanna éagsúla a n-úsáidtear agus a n-itear iad agus an dóigh a dtig leo bheith ina gcuid d'aiste shláintiúil bia. Cuir eolas ar éagsúlacht na bprátaí atá ann. Iarr ar fheirmeoir sa cheantar labhairt ar fhás prátaí ón síol. Smaoinigh ar réimse dóigheanna le fáil amach faoi shaolré an phráta. Fiosraigh na dálaí ina bhfástar prátaí. Úsáid TFC, mar cheamara digiteach le breathnuithe fáis a thaifeadadh thar thréimhse ama. Cruinnigh oidis thraidisiúnta prátaí agus cruthaigh leabhar oideas ranga. Cócaráil cuid de na rogha-oidis nó cruthaigh oidis úra. Pléigh an tábhacht atá le sláinteachas agus sábháilteacht bia. Machnaigh arbh fhéidir togra fiontraíochta a thosú, mar shampla, trádáil oideas nó leabhair oideas, eagrú feachtais le hitheachán sláintiúil a ghríosú nó iarr ar thuismitheoirí teacht isteach sa scoil lena dturas foghlama go dtí seo a léiriú.

Pearsantachtaí

Cuspóirí Molta Foghlama

- An tionchar a d'imir daoine a thuiscint.
- A thuiscint gurbh fhéidir go mbeadh réimse féideartha fuascailtí ar fhadhb.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha mar 'The Victorians' le hobair ar na rudaí a leanas a thaighde, a anailísiú agus a léiriú:

An Bhanríon Victeoiria:
Scrúdaigh craobh ghinealaigh na Banríona Victeoiria. Pléigh mar a tháinig an bhanríon Victeoiria go dtí an ríchathaoir nuair nárbh é a hathair an Rí. Cén aois í nuair a rinneadh Banríon di, agus cá huair a fuair sí bás? Cérbh iad ainmneacha a cuid páistí? Cad chuige nach ndearnadh Banríon den pháiste ba shine acu? Cén cineál duine i bhfírinne í an Bhanríon Victeoiria? Amharc ar shliocht den scannán 'Mrs Brown'. Cruinnigh fianaise, grianghraif de dhealbha nó dá portráidí san áireamh. Pléigh iontaofacht cineálacha éagsúla fianaise agus an dóigh a maireann an tuairim den Bhanríon Victeoiria mar dhuine crosta, gan acmhainn grinn. Cuir grianghraif, fianaise scríofa agus sleachta dialainne i gcomparáid. Léirigh an difear idir an rud is fírinne agus an rud is dearcadh ann. I ngrúpaí déan amlíne dá saol nó dírigh ar ghnéithe éagsúla dá pearsantacht agus scríobh cuntas ábhartha iarbháis, mar shampla, céile grámhar comhbhách Albert nó Banríon chrosta, dhoicheallach.

Brunel:
Smaoinigh ar an chúis a raibh Brunel chomh clúiteach sin. Faigh amach faoina chuid oibre ar Dhroichead Crochta Chlifton. Cuir an droichead seo i gcomparáid le droichid eile sa cheantar áitiúil agus ar fud an domhain. I ngrúpaí beaga smaoinigh faoi chuspóir droichead, na hábhair as a ndéantar iad, ar chruthanna a úsáidtear sa tógáil, an áit a suitear iad agus/nó a n-áit sa stair. Déan turgnamh le héagsúlacht ábhar le droichid a dhearadh agus a thógáil ar chuspóirí éagsúla, mar shampla, le meáchan áirithe a choinneáil, le bearna áirithe a réisiú nó ceann is féidir a oscailt agus a dhruidim le droichead tógála.

Ag Úsáid Fianaise

Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a n-athraíonn daoine agus áiteanna le himeacht ama a thuiscint.
- A thuiscint gurbh fhéidir go mbeadh réimse féideartha fuascailtí ar fhadhb.

Gníomhaíochtaí Molta

Scrúdaigh léarscáil nua-aimseartha baile áitiúil nó aon bhaile a bhfuil ceangail aige le ré Victeoiria. Aibhsigh na sráidainmneacha, foirgnimh nó áiteanna le Victeoiria nó Albert san ainm. Scrúdaigh pictiúir na bhfoirgneamh seo agus foirgneamh eile Victeoiriach agus pléigh an chúis ar fhág ré Victeoiria lorg chomh láidir sin.

Gabh ar shiúlóid nó ar thriall a lorg fianaise ar an saol Victeoiriach (ag brath ar shuíomh do scoile). Úsáid ceamara digiteach le híomhánna a thaifeadadh. Dírigh ar fhoirgneamh aonair, mar shampla, eaglais, teach sraithe, foirgneamh iarnróid nó foirgneamh tionsclaíoch. Aithin na hathruithe san fhoirgneamh trí roinnt grianghraf 'ansin agus anois' a scrúdú. Pléigh cérbh é feidhm an fhoirgnimh agus cad é anois, na hábhair a úsáideadh agus pointí sonracha sa dearadh ailtireachta nó maisithe. Ansin dear agus tóg sampla d'fhoirgneamh Victeoiriach.

Úsáid léarscáileanna traidisiúnta nó digiteacha le tithe 'cúl le cúl' i gcathair Victeoiriach a scrúdú. Léigh cuntas fírinneach comhaimseartha ar an saol ina leithéid de theach. Úsáid na foinsí seo le liosta a dhéanamh d'fhadhbanna na ndaoine a chónaigh i dtimpeallacht mar sin. Amharc ar an chéad eipeasóid de chlár Channel 4 '1900 House'. Pléigh an dóigh ar athraíodh teach an lae inniu le teach 1900 a dhéanamh de. Pléigh an cineál duine a chónódh ina leithéid de theach. Liostaigh cosúlachtaí agus difríochtaí idir an teach seo agus teach 'cúl le cúl'. Smaoinigh ar na fadhbanna féideartha a bheidh ag an teaghlach a chónóidh i dteach 1900.

Úsáid bogearraí TFC mar Turtle nó Designer le plean de theach Victeoiriach a chur i gcomparáid le teach de chuid an lae inniu.

Scrúdaigh grianghraf de pharlús meánaicmeach Victeoiriach. Smaoinigh ar cheisteanna mar cá mhéad patrún éagsúil atá ann? Cén dóigh a soilseofaí an seomra? Cá mhéad pictiúr, dealbh agus planda atá ann? Cén cineál gníomhaíochta a bheadh ar siúl sa seomra seo?

Liostaigh dualgais 'cailín gach cineál oibre' i dteaghlach meánaicmeach Victeoiriach. Scríobh sliocht dialainne di ag léiriú a cuid mothúchán faoina lá.

Scrúdaigh plean nó trasghearradh tí a bhí ag teaghlach saibhir sa ré Victeoiriach. Aithin ainmneacha neamhchoitianta seomraí, cúlchistin mar shampla, agus pantrach agus faigh amach cén fheidhm a bhí leo. Faigh amach líon na searbhóntaí a bheadh de dhíth i dteach mór agus scríobh post-tuairisc do gach cineál searbhónta. Fiosraigh na rialacha a gcaithfeadh searbhóntaí géilleadh dóibh agus pléigh an fáth ar thit líon na ndaoine i seirbhís teaghlaigh sa deireadh thiar.

Tabhair cuairt ar theach de chuid an Iontaobhais Náisiúnta agus, leis an chuid eile de do rang, athghníomhaigh lá sa teach sin trí ghlacadh le ról ball teaghlaigh nó searbhónta.

fócas

Is ar ré Victeoiria a dhíríonn an fiosrú seo ar an dóigh ar mhair daoine san am a chuaigh thart. Síos tríd, breathnaíonn na páistí ar dhaoine mór le rá, áiteanna agus imeachtaí tábhachtacha. Forbraíonn siad tuiscint ar an dóigh ar mhair daoine in aois Victeoiria agus fiosraíonn siad a n-oidhreacht.

Corpoideachas

- bheith cruthaitheach, úsáid do smaointe féin agus cuid daoine eile
- struchtúrú damhsa shimpli le ceol
- gluaiseachtaí coirp
- fanacht folláin

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Am Súgartha Atá Ann

Cuspóirí Molta Foghlama

- an dóigh a mothaíonn an corp ar fos agus le linn aclaíochta a aithint.
- an gaol idir gníomhaíocht choirp agus an dea-shláinte a thuiscint.
- Tionchair na haclaíochta ar an chorp a thuiscint.
- Bheith in ann comhoibriú le daoine eile.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar chluichí a imríodh ar scoil sa tréimhse Victeoiriach. Pléigh an chiall atá ar chúl cuid de na cluichí seo. I ngrúpaí, roghnaigh ceann de na cluichí agus lorg tuilleadh eolais fá dtaobh de. Taifead an dóigh leis an chluiche a imirt agus mínigh cibé rialacha atá ann.

Cuir do chluiche i láthair daoine eile ag úsáid PowerPoint nó Slideshow. Tóg sealanna leis an chluiche a theagasc don chuid eile den rang.

Samplaí de chluichí: scidilí, mirlíní, cleas na bacóide, leaisteanna, 'tá an feirmeoir ag iarraidh mná', na folacháin, soilse trách ta, 'cén t-am é a mhic tíre uasail?', cluichí fáinne, oráistí agus líomóidí. Scipeáil le rainn nó dánta traidisiúnta.

Pléigh an tábhacht atá le fanacht folláin agus sláintiúil agus an dóigh a dtig le cluichí clós súgartha cuidiú leis sin.

Laethanta Scoile

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann frásaí gluaiseachta a léiriú ag úsáid réimse ball agus gníomhaíochtaí coirp.
- Bheith in ann éagsúlacht gníomhaíochtaí gluaiseachta a fhiosrú.
- Obair go cruthaitheach le daoine eile, ag úsáid do smaointe féin agus smaointe daoine eile.

Gníomhaíochtaí Molta

Réamh-Cheacht:
Pléigh an dóigh a mbíodh scoil in aimsir Victeoiria. An ndeachaigh gach duine ar scoil agus cad é a chaitheadh siad? Cad é mar a bhain siad an scoil amach? Cad é mar a bhí an scoil agus cad é a rinne siad ansin? Cuir seo i gcomparáid le scoileanna an lae inniu.

Greann agus Cluichí Clós Scoile:
Tabhair achoimre ar na cluichí a foghlaimíodh. Pleanáil seicheamh gairid gluaiseachtaí le ceol le himirt na gcluichí a léiriú, mar shampla, cleas na bacóide, caith cliobóg le do pháirtí agus samhlaigh bheith ag imirt leaisteanna, ag éalú, ag sciorradh ó thaobh go taobh, bheith do do cheapadh agus ag sioc i lár gníomhaíochta. Pleanáil, cleacht agus léirigh seicheamh gairid clós scoile de ghníomhaíochtaí.

Sa Seomra Scoile:
Cruthaigh liosta de na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tarlú i seomra scoile Victeoiriach, mar shampla, scríobh, léamh, glaoch rolla. Smaoinigh ar na dóigheanna a bhféadfadh daltaí a n-ainm a fhreagairt (éirigh suas agus abair d'ainm, sciathán in airde). Cén dóigh a léireofá scríobh (áibhligh an scríobh ag úsáid do sciatháin, ag déanamh bogaí móra leanúnacha)? Cén dóigh a gcoinneodh siad an leabhar agus iad ag léamh? Cleacht staidiúirí éagsúla, ag úsáid leibhéal éagsúil.

Cruthaigh, cleacht agus léirigh seicheamh gairid a léireodh glaoch an rolla, léamh agus scríobh i seomra scoile Victeoiriach.

Seicheamh Gluaiseachta:
I mbeirteanna, cruthaigh agus cleacht seicheamh gairid gluaiseachta a léireodh lá scoile sa ré Victeoiriach. Mar shampla, súgradh i gclós na scoile, buaileann an clog, gach duine i líne, obair sa seomra ranga, am súgartha arís. Taispeáin an seicheamh do dhaoine eile agus pléigh agus measúnaigh réimse na seicheamh gluaiseachta.

Cur le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Cumarsáid

- Réimse leathan foinsí le heolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Obair a chur i láthair agus in iúl i réimse foirmeacha agus ar dhóigheanna éagsúla.
- Obair a eagrú agus a struchtúrú go neamhspleách.
- Tosú a dhéanamh tátal agus a bhaint conclúidí.

Úsáid na Matamaitice

- Taobh istigh de chomhthéacsanna a bhfuil cuspóir leo sonraí a aithint, a bhailiú agus a thaifeadadh.
- Eolas a fháil ó réimse graf agus léaráidí agus conclúidí a tharraingt.
- Crann cinnteoireachta a dhearadh agus a úsáid le grúpa rudaí a shórtáil nó a aithint.
- Úsáid foclóra a bhaineann le dóchúlacht.
- Tomhas, ag úsáid nodaireacht cheart agus scálaí a léamh le méid cuí beaichte.
- Meastacháin chéillí a dhéanamh, agus san áit ar cuí, aonaid mhéadracha a roghnú agus a úsáid.
- Úsáid na 4 oibríocht uimhris le fadhbanna a réiteach.

Úsáid TFC

- Taighde, roghnú, cur in eagar agus cur i láthair eolais/acmhainní ag úsáid réimse foinsí digiteacha.
- Próiseáil acmhainní faighte nó féintáirgthe, lena n-áirítear, téacs, uimhir, fuaim, íomhánna socaire nó beo, agus iad a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, ag léiriú feasachta ar lucht éisteachta agus ar chuspóir.
- Smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar an scáileán, á chomhcheangal seo le híomhánna agus/nó fuaimeanna arna roghnú mar is cuí.
- Úsáid modhanna comhaimseartha digiteacha le heolas a chur in iúl, a chomhroinnt agus a mhalartú le comhpháirtithe.
- Fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallacht dhigiteach.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is doimhne agus is leithne leis an tasc a shoiléiriú, agus le spriocanna a shocrú. Ciall de lucht éisteachta agus chuspóir a bheith agat. Forbairt modhanna comhordaithe agus taifeadta eolais agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht: Aithint patrún agus caidreamh. Míniú agus cosaint modhanna, tuairimí agus conclúidí. Déanamh agus tástáil tuartha, agus ceangal cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú idir fíoras agus tuairim. Tuiscint ar níos mó ná aon dearcadh amháin. Scrúdú roghanna agus meá rudaí i leith agus in éadan. Tástáil fuascailtí agus cur chuige eile.

Bheith Cruthaitheach: Déanamh turgnamh ar dhóigh spraíúil. Tóraíocht fadhbanna agus agóid in éadan an ghnáthmhodha. Aithint deiseanna in earráidí agus i dteipeanna. Tógáil ar do smaointe agus eispéiris féin agus daoine eile, ag úsáid iomlán na gcéadfaí. Déanamh turgnamh le dearthaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla. Léiriú measa ar smaointe daoine eile.

Ag Obair le Daoine Eile: Éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Glacadh freagrachta as tascanna agus róil i ngrúpaí. Oibriú i dtreo comhréitigh agus tosú a bhainistiú easaontas.

Féin-Bhainistiú: Éirí féindírithe trí obair leat féin. Obair i dtreo spriocanna pearsanta. Measúnú an mhéid atá siad a fhoghlaim agus a gcur chuige a chur i gcomparáid lena chéile. An dóigh a bhféadfadh a bhfoghlaim bheith mar an gcéanna/difriúil i gcómhthéacsanna difriúla a aithint.

Áiseanna Molta Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Designer

Number Magic or Numberbox 2

Slideshow or Powerpoint

Victorians CD-Rom

C2K:

Microsoft Powerpoint
ComicLife –
ar fáil ó www.plasq.com (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge leis an chlár seo)

PhotoStory3 –
Is féidir seó sleamhnán a chruthú go gasta a bheidh ar fáil ar C2K ó Mhí Mheán Fómhair 2009

LearningNI –
Network – Encarta

LearningNI –
Network – AudioNetwork

How we used to live –
1936-1953 – (Granada Learning) Amharc faoi 'Curriculum Content – KS2'. I mbéarla!

How We Used to Live-Early Victorians –
(Granada Learning) Amharc faoi 'Curriculum Content KS2'. I mbéarla!

How We Used to Live-Late Victorians –
(Granada Learning) Amharc faoi 'Curriculum Content KS2'. I mBéarla!

2Simple Software –
2Connect: (Clár a dhéanann Gréasáin Topaicí.)

Gaelspell 2007 Litreoir Gaeilge –
Cruinneog: 2008

Ceart Gramadóir Do Windows –
(Cruinneog: 2008)

Suímh Ghréasáin Mholta

Amnesty International
www.amnesty.org.uk

BBC History For Kids
www.bbc.co.uk/history/forkids

BBC Northern Ireland Learning
www.bbc.co.uk/ni/learning

Learnthings – online learning from The Guardian
www.learn.co.uk/

Museums and Galleries Northern Ireland
www.magni.org.uk

NAACE – Advancing Education through ICT
www.mape.org.uk/kids

One World Centre Citizenship
www.bigpic.biz

Online resource database
www.clickteaching.co.uk

The Grid Club
www.gridclub.com

Victorian Links
www.gfy.ku.dk/~ams/sh/victorian.html

Oxfam – Cool Planet
www.oxfam.org.uk/coolplanet/

Potato Famine Resource
www.irishpotatofamine.org

Primary Resources site
www.primaryresources.co.uk

Save The Children
www.savethechildren.org.uk

Teaching Ideas – History
www.teachingideas.co.uk/history

Áiseanna Digiteacha ar leanúint

Suímh Ghréasáin Mholta

Victorian Nursery Rhymes and Songs
www.nursery-songs.com

William Morris Society
www.morrissociety.org

Wikipedia i nGaeilge
www.ga.wikipedia.org

Físeán ar 'Compántas Amharclainne Fibín' – Compántas Drámaíochta don Aos Óg
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/403/gaeilge/

Físeáin ar 'Ealaín na Gaeltachta
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/

Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/

Físeán ar 'Róisín Elsafty' - amhránaíocht an tsean-nóis i gConamara
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/548/gaeilge/

Físeán ar 'Amhrán Sean-Nóis le hAoibhinn Ní Shúilleabháin'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/448/gaeilge/

Suíomh agus Físeáin ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Ceol (Físeán 4)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Rac-Cheol (Físeán 6)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Nollaig Brolly' - ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/

Físeáin ar 'Allan Mac Donald' - píobaire clúiteach as Albain
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/

Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/

Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/

Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/

Físeán ar 'Carthaigh Quill, Amhránaí Ceoldráma
http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/425/gaeilge/

Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/

Físeán ar Iontaobhas Spiorad Inis Ceithleann' – Iontaobhas a thugann Caitlicigh agus Protastúnaigh óga le chéile.
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/

Físeáin ar 'Ealaín na Gaeltachta
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/

Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/

Léarscáil agus eolas ar na hoileáin timpeall chósta Éireann
www.oileain.ie/ga/TheIslands/AboutIslands

Cuardaigh logainmneacha ina bhfuil na focail 'Victoria' agus 'Albert'
www.logainm.ie

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam. Féach 'Ceol 9' agus 'Drámaíocht 12'
www.ceim.gaa.ie/menranganna.html

Áiseanna Digiteacha ar leanúint

Suímh Ghréasáin Mholta

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam. Oscail 'OSPS 7' agus 'Drámaíocht 12'
www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html

Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo
www.makebeliefscomix.com/

Cuardaigh 'Ag Fágáil an Bhaile'
www.learningni.net

Cuardaigh 'Leideanna faoin am atá thart'
www.learningni.net

Cuardaigh 'Cad iad na cearta atá agam?'
www.learningni.net

Cuardaigh 'Ceiliúraimis'
www.learningni.net

Cuardaigh 'Poist thábhachtacha i mo phobal'
www.learningni.net

An Stair Mórthimpeall Orm: Oscail 'An scoil mar a bhí agus mar atá'
http://www.cogg.ie/StudentMaterials/stm.aspx?id=325

Iarsmalanna Thuaisceart Éireann – i mbéarla
http://www.nmni.com/

Eolas ar Chearta an Linbh do Thuismitheoirí
http://www.newb.ie/downloads/pdf/parents_leaflet_irish.pdf

Gach rud i mBéarla ach tá pictiúir iontacha ar fáil
http://www.woodlands-junior.kent.sch.uk/Homework/victorians/children/working2.html#3

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Ginn History: Victorian Britain Joan Blyth (Ginn & Company:1992)
ISBN: 0602251494

Global Citizenship – The Handbook for Primary Teaching (Oxfam) Activity 50 – Working Children from Ch 3 Activities to bring Global Citizenship to your school

Life in Victorian Britain (Investigating History) Fiona Goodman and Peter Kent (Nigel Thornes Ltd:1992)
ISBN: 0750102152

Life in Victorian Ireland (Primary History Series) Deirdre Brown and Rhonda Glasgow (Blackstaff Press:1996)
ISBN: 0856405566

Lift Off Introducing Human Rights Education within the Primary Curriculum Lesson 5 Convention on Rights of the Child Worksheet 7

Looking Back, Moving Forward Ulster Architectural Heritage Society, 2002.

Meet the Victorians – Ulster Folk and Transport Museum Education Booklet Pages 14-17 Pages 19-20

Nicholas Nickleby Charles Dickens (Penguin Books:1999)
ISBN: 0140435123

Planning for Progress In Art and Design NI Education and Library Boards – page 29

Primary Values – CCEA

Printing in the Primary School – NEELB

Skills for the Primary School Child Part 1: I am, I know I can (Tacade: 2007) Section 3 Developing a healthy, safer lifestyle

Sound Inventions:32 Creative Music Projects for the Junior Classroom Richard McNicol (Oxford University Press:1992)
ISBN: 0193214326

Sounds Topical Jan Holdstock (Oxford University Press:1995)
ISBN: 0193213575

Stepping Stones – Adventures in Dance – Interboard Physical Education Panel

The Vile Victorians Terry Deary (Scholastic Hippo: 1994) ISBN: 0590554662

Time and Place: Tchrs'.Source Bk.2 Key Stage 1 (Time & Place) Patricia Harrison and Steven Harrison (Nelson Thornes:1991)
ISBN: 0750100818

Victorian Britain (Teacher Timesavers) Neil Tonge and Peter Hepplewhite (Scholastic:1995)
ISBN: 0590533037

Victorians (History Makers) Clare Chandler and Jessica Curtis (Hodder Wayland:1994)
ISBN: 0750212675

Céim ar Chéim 06 – Mo Theaghlach – (An tÁisaonad)
ISBN: 0790130084

Céim ar Chéim 13 – Turas Eoin – (An tÁisaonad: 2004)
ISBN: 0790130491

Céim ar Chéim 14 – Bronntanais – (An tÁisaonad: 2004)
ISBN: 07901306505

Céim ar Chéim 15 – Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe – (An tÁisaonad: 2004)
ISBN: 0790130572

Daidí Áine – (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 9780732748081

A Chara ón Todhchaí – (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 9780732748151

Brú na Bóinne- Sí an Bhrú – (An Gúm) Réitigh É – (An tÁisaonad: 2007)
ISBN: 9780732747381

Amelia Earhart – (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 9780732748142

Mistéir Ollphéist Loch Nis – (An tÁisaonad: 2007)
ISBN: 9780732747414

Taismí Tairbheacha – (An tÁisaonad: 2008)
ISBN: 9780732748203

Áiseanna Traidisiúnta ar leanúint

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

An Stair Mórthimpeall Orm 3 – (COGG: 2003)
ISBN: 095472335X

An Stair Mórthimpeall Orm 4 – (COGG: 2003)
ISBN: 0954723341

An Stair Mórthimpeall Orm 5 – (COGG: 2004)
ISBN: 0954723333

An Stair Mórthimpeall Orm 6 – (COGG: 2004)
ISBN: 0954723325

Siúl Siar 3 – (Prim-Ed)
ISBN: 1864002026

Siúl Siar 4 – (Prim-Ed)
ISBN: 1864002034

Turas go Meiriceá – (An Gúm: 2001)
ISBN: 9781857914078

Faoin Sceach Gheal – (O'Brien: 2000)
ISBN: 9780862786533

Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

Cláir raidió BBC

"Ears and Eyes" by Jack Dobbs, Simon Wyld, Roger Fiske and Michael Lane

"Music Mornings" B.E.L.B. – Téipeanna ceoil bunaithe ar thopaic

Teilifís BBC **The World around Us: History**

Times
(Tá nótaí múinteora agus ábhar idirghníomhach dalta ar fáil ar an suíomh gréasáin).

Mrs Brown (starring Judy Dench and Billy Connolly) ASIN 630482615X

"Music Box" – teipeanna.scéalta

'**Toss the Feathers**' The Corrs

The Thornbirds' Theme – Mancini

1900 House TV Programme Channel 4 Miramax Home Entertainment (Film)

Dlúthdhiosca 1 agus 2 – (An Gúm: 2008)
ISBN: 9781857917376

Peigín Leitir Móir – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge, Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005)
ISBN: 9780955098376

Amhrán is Fiche CD ROM – (Fios Feasa: 2005)

Amhrán is Fiche Eile CD ROM – (Fios Feasa: 2005)

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha

Samuel French's Theatre bookshop – playscripts/melodramas
Samuel French Ltd, 52 Fitzroy Street, London
W1P 6JR
www.samuelfrench-london.co.uk

Áiteanna Cuartaíochta

Iarsmalann Uladh
Botanic Gardens
Belfast
BT9 5AB
(028) 9038 3000

Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh
153 Bangor Road
Cultra
Holywood
BT18 0EU

An-Greagan
Creggan
Omagh
BT79 9AF
(028) 8076 1112

Iarsmalann Tuaithe Ard Mhacha
The mall East
Armagh
BT61 9BE
(028) 3752 3070

Daonpháirc Uladh - Mheiriceá
Castletown
Omagh
BT78 5QY
(028) 8224 3292

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, bhí na suímh ghréasáin mholta beo.

Foilseachán de chuid CCEA © 2009

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning